Comhairle an
Aontais Eorpaigh

PUBLIC

**An Bhruiséil, 31 Eanáir 2023**
**(OR. en)**

**5320/23**

**LIMITE**

**CORLX 50**
**CFSP/PESC 70**
**EPF AM 9**
**CSDP/PSDC 35**
**CSC 21**
**EUMC 18**
**COPS 27**

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2022/339 maidir le beart cúnaimh faoin tSaoráid Eorpach Síochána chun tacú le Fórsaí Armtha na hÚcráine |

**CINNEADH (CBES) 2023/... ÓN gCOMHAIRLE**

**an ...**

**lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2022/339 maidir le beart cúnaimh faoin tSaoráid Eorpach Síochána chun tacú le Fórsaí Armtha na hÚcráine**

PUBLIC

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 28(1) agus Airteagal 41(2) de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 28 Feabhra 2022, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2022/339[1] lenar bunaíodh beart cúnaimh ag a bhfuil méid tagartha airgeadais EUR 50 000 000 atá beartaithe chun maoiniú an tsoláthair trealaimh agus soláthairtí nach bhfuil ceaptha chun fórsa marfach a sheachadadh, amhail trealamh cosanta pearsanta, fearais gharchabhrach agus breosla d'Fhórsaí Armtha na hÚcráine, a chumhdach.

(2) An 23 Márta 2022, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2022/47[2]2 lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2022/339, lenar méadaíodh an méid tagartha airgeadais go EUR 100 000 000.

(3) An 13 Aibreán 2022, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2022/637[3] lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2022/339, lenar méadaíodh an méid tagartha airgeadais go EUR 150 000 000.

PUBLIC

---

[1] Cinneadh (CBES) 2022/339 ón gComhairle an 28 Feabhra 2022 maidir le beart cúnaimh faoin tSaoráid Eorpach Síochána chun tacú le Fórsaí Armtha na hÚcráine (IO L 61, 28.2.2022, lch. 1).

[2] Cinneadh (CBES) 2022/472 ón gComhairle an 23 Márta 2022 lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2022/339 maidir le beart cúnaimh faoin tSaoráid Eorpach Síochána chun tacú le Fórsaí Armtha na hÚcráine (IO L 96, 24.3.2022, lch. 45).

[3] Cinneadh (CBES) 2022/637 ón gComhairle an 13 Aibreán 2022 lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2022/339 maidir le beart cúnaimh faoin tSaoráid Eorpach Síochána chun tacú le Fórsaí Armtha na hÚcráine (IO L 117, 19.4.2022, lch. 36).

(4) An 23 Bealtaine 2022, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2022/810[1] lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2022/339, lenar méadaíodh an méid tagartha airgeadais go EUR 160 000 000.

(5) An 21 Iúil 2022, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2022/1284[2] lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2022/339, lenar méadaíodh an méid tagartha airgeadais go EUR 170 000 000.

(6) An 17 Deireadh Fómhair 2022, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2022/1972[3] lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2022/339, lenar méadaíodh an méid tagartha airgeadais go EUR 180 000 000.

PUBLIC

[1] Cinneadh (CBES) 2022/810 ón gComhairle an 23 Bealtaine 2022 lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2022/339 maidir le beart cúnaimh faoin tSaoráid Eorpach Síochána chun tacú le Fórsaí Armtha na hÚcráine (IO L 145, 24.5.2022, lch. 42).

[2] Cinneadh (CBES) 2022/1284 ón gComhairle an 21 Iúil 2022 lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2022/339 maidir le beart cúnaimh faoin tSaoráid Eorpach Síochána chun tacú le Fórsaí Armtha na hÚcráine (IO L 195, 22.7.2022, lch. 91).

[3] Cinneadh (CBES) 2022/1972 ón gComhairle an 17 Deireadh Fómhair 2022 lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2022/339 maidir le beart cúnaimh faoin tSaoráid Eorpach Síochána chun tacú le Fórsaí Armtha na hÚcráine (IO L 270, 18.10.2022, lch. 97).

(7) I bhfianaise an fhogha armtha leanúnaigh atá á thabhairt ag Cónaidhm na Rúise faoin Úcráin, ba cheart EUR 200 000 000 breise a chur leis an méid tagartha airgeadais atá beartaithe chun maoiniú an tsoláthair trealaimh agus soláthairtí nach bhfuil ceaptha chun fórsa marfach a sheachadadh, amhail trealamh cosanta pearsanta, fearais gharchabhrach agus breosla d'Fhórsaí Armtha na hÚcráine, a chumhdach.

(8) Ba cheart, dá bhrí sin, Cinneadh (CBES) 2022/339 a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH

PUBLIC

*Airteagal 1*

Leasaítear Cinneadh (CBES) 2022/339 mar a leanas:

(1) in Airteagal 1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

‘3. Chun an cuspóir a leagtar amach i mír 2 a bhaint amach, maoineofar leis an mbeart cúnaimh soláthar trealaimh agus soláthairtí d’Fhórsaí Armtha na hÚcráine nach bhfuil ceaptha chun fórsa marfach a sheachadadh, amhail trealamh cosanta pearsanta, fearais gharchabhrach agus breosla, chomh maith le trealaimh arna maoiniú faoin tSaoráid a chothabháil agus trealamh comhionann a chothabháil, a dheisiú agus a athfheistiú, ar trealamh agus soláthairtí iad nach bhfuil ceaptha chun fórsa marfach a sheachadadh, arna iarraidh sin don Úcráin.’;

(2) in Airteagal 2, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

‘1. EUR 380 000 000 a bheidh sa mhéid tagartha airgeadais atá beartaithe chun an caiteachas a bhaineann leis an mbeart cúnaimh a chumhdach.’;

PUBLIC

(3) in Airteagal 2, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

'3. I gcomhréir le hAirteagal 29(5) de Chinneadh (CBES) 2021/509, féadfaidh an riarthóir um bearta cúnaimh glao ar ranníocaíochtaí a dhéanamh tar éis ghlacadh an Chinnidh seo, suas go EUR 380 000 000. Ní úsáidfear na cistí a ghlaofaidh an riarthóir um bearta cúnaimh ach chun caiteachas a íoc laistigh de na teorainneacha arna bhformheas ag an gCoiste arna bhunú le Cinneadh (CBES) 2021/509 sna buiséid ghaolmhara leasaitheacha agus bhliantúla a chomhfhreagraíonn don bheart cúnaimh.';

(4) in Airteagal 2, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4:

'4. Beidh an caiteachas a bhaineann leis an mbeart cúnaimh a chur chun feidhme incháilithe ón 1 Eanáir 2022 agus go dtí dáta a chinnfidh an Chomhairle. Is é EUR 50 000 000 a bheidh san uaschaiteachas incháilithe arna thabhú roimh an 11 Márta 2022. Beidh EUR 220 000 000 incháilithe ón 21 Iúil 2022. Beidh caiteachas a bhaineann leis an gcothabháil agus leis an deisiú incháilithe ón 17 Deireadh Fómhair 2022. Beidh caiteachas a bhaineann le hathfheistiú incháilithe ón '*[IO: cuir isteach, le do thoil, dáta glactha an Chinnidh seo]*'.



PUBLIC

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh in/sa ...,

*Thar ceann na Comhairle*

*An tUachtarán*

PUBLIC